



Aoine Mhór na Siopadóireachta

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chúrsaí siopadóireachta. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo a leanas sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

1. An maith leat a bheith ag siopadóireacht?
2. An ndéanann tú aon siopadóireacht ar líne? Cén cineál siopadóireachta?
3. Cad atá ar eolas agat faoi Aoine Mhór na Siopadóireachta (Aoine Dhubh)? An bhfuil cúlra an lae ar eolas agat?
4. Tá táirgí ag éirí níos daoire in Éirinn agus ar fud an domhain. Cén fáth, dar leat?
5. Cad is brí leis an bhfocal 'calaois'?
6. An ndearnadh aon chaimiléireacht ort riamh? Mínigh.
7. An bhfuil tú ag súil le bronntanais na Nollag a cheannach i mbliana? Cén fáth?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

nearly:	_____
warning:	_____
bank details:	_____
issued:	_____
to steal:	_____
fraudsters:	_____
professional:	_____
imitation:	_____
suspicious:	_____
spending:	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus aimsígí an frása deas sa mhír a chiallaíonn ‘*moving up a gear*’ i mBéarla.
4. Ag obair le chéile go fóill, cén Béarla a chuirfeadh sibh ar na teidil seo:

Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann
Bainc-Aontas Éireann

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Féachaigí ar an mír agus freagraí na ceistanna le chéile.

1. Cén foláireamh atá eisithe?

2. Cé a d'eisigh an foláireamh?

3. Cé hí Niamh Davenport agus cén fáth ar luaigh sí an figiúr '45 milliún euro'?

4. Cén fáth a ndeir sí go bhfuil an lucht calaoise an-ghairmiúil?

5. Cén fáth a labhraíonn Niamh faoi na meáin shóisialta?

6. Cé mhéad airgid a chaitear sa nóiméad ar Aoine Mhór na Siopadóireachta?

7. Cad a bhí le rá ag Comhar Creidmheasa na hÉireann?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha – a + shéimhiú)

- a) Is féidir an t-ainm briathartha a úsáid ar bhealaí éagsúla. Bhí cúpla sampla sa mhír den ainm briathartha tar éis ‘a’ agus séimhiú air. Féach ar na samplaí ón mír agus déan iarracht abairt eile a chumadh tú féin ag baint úsáid as an mbriathar céanna atá sa sampla. Tá sampla amháin déanta duit.

Sampla:

‘Moltar gan na nascanna a thagann aníos ar na meáin shóisialta **a leanúint.**’

Ní bhím in ann mo léachtóir Fraincise a leanúint. Ní thuigim focal.

‘Deir Gardaí gur cheart do shiopadóirí a gcuid sonraí bainc **a choimeád slán i gcónaí.**’

‘...le bronntanais agus gach ní eile riachtanach don séasúr **a cheannach.**’

‘Caithfidh daoine **a bheith** cúramach.’

2: Saibhreas teanga (an focal ‘súil’)

Is minic an focal ‘súil’ i nathanna deasa na Gaeilge. Cad is brí leis na cinn thíos anseo? Cuir in abairtí eile iad lena mbrí a léiriú:

Tá mo dheirfiúr ag súil.

Beidh Pól ag súil go mór lena chóisir.

Is breá liom do gheansaí nua. Cuid súl é.

Chuir Aoife ar mo shúile dom nach raibh tú sásta.

E: CUMARSÁID

1: Caint (Siopadóireacht)

Bígí ag obair i ngrúpaí agus déanaigí plé ar na cleasa a mbaineann úinéirí siopa úsáid astu chun táirgí a dhíol. Níl sa liosta thíos ach na heochairfhocail. Beidh oraibh gach cleas a phlé le chéile agus samplaí a thabhairt. Mar shampla:

Na céadfaí: Cuireann siopaí samplaí de bhia ar fáil chun na custaiméirí a mhealladh chun an bia a bhlaiseadh. Meallann an boladh as arán úr isteach i siopa thú freisin.

Na céadfaí

Ceol cúlra

Praghsanna

Seomraí gléasta

Sladmhargaí agus lascainí

Taispeántais

Na cuntair amach/na scipéid

Na comharthaí

Slite isteach

Ag dul ar strae

An áit a mbíonn earraí suite



2: Scríobh (Siopadóireacht)

Smaoinigh ar shiopa amháin a bhfuil dúil agat ann. Déan do mhachnamh ar conas atá sé leagtha amach. Scríobh alt amháin faoin dóigh a bhfuil sé leagtha amach agus an chúis a bhfuil sé leagtha amach mar sin.

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt

Anois agus an séasúr siopadóireachta roimis na Nollag¹ nach mór faoi lán seoil, tá foláireamh á thabhairt do shiopadóirí a bheith cúramach agus iad ag siopadóireacht ar líne. Deir Gardaí gur cheart do shiopadóirí a gcuid sonraí bainc a choimeád slán i gcónaí.

Joe Mag Raollaigh

Le cúig seachtaine fágtha go dtí an Nollaig, beidh siopadóirí ar fud na tíre ag géarú ar na maidí le bronntanais agus gach ní eile riachtanach don séasúr a cheannach. Ach, tá foláireamh eisithe ag Gardaí agus grúpaí eile faoi chalaois ar líne agus bealaí eile chun airgead daoine a ghoid.

Deir Niamh Davenport as Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann² gur goideadh 45 milliún euro as cuntais bhainc ag calaois de chineálacha éagsúla sa dara leath de 2021, calaois cártaí creidmheasa ina measc. Dúirt sí go gcaithfidh daoine a bheith cúramach nach suíomhanna bréige iad na suíomhanna ar a bhfuiltear ag ceannach earraí, mar go bhfuil lucht calaoise thar a bheith gairmiúil ag cur suas leathanaigh a dhéanann aithris ar shuíomhanna brandaí móra. Molann sí freisin gan nascanna³ díolacháin a thagann aníos ar na meáin shóisialta a leanacht⁴ agus a bheith amhrasach má tá rud ar díol ar phraghas nach bhfuil réadúil.

Le hAoine Mhór na Siopadóireachta – ‘Aoine Dhubh’, mar a thugtar air– ag teacht i gceann ceithre lá, dúirt Bainc-Aontas Éireann go léiríonn anailís acu go mbeidh 18 míle euro á chaitheamh ar líne gach nóiméad den lá sin. Mar sin féin, beidh daoine ag coinneáil súil ar chaiteachas, más fíor d’fhigiúirí foilsithe inniu ag Comhar Creidmheasa na hÉireann. Taispeánann suirbhé atá déanta acu siúd go bhfuil níos lú airgid le caitheamh ag 61% den phobal an Nollaig seo.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

¹ roimis na Nollag = leagan canúnach de ‘roimh an Nollaig’

² *Banking & Payments Federation Ireland* an t-ainm oifigiúil

³ nascanna = leagan canúnach de ‘naisc’

⁴ leanacht = leagan canúnach de ‘leanúint’

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile faoi chúrsaí siopadóireachta. Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Bí ag éisteacht agus ag cuidiú leo le linn na cainte. Titeann Aoine Mhór na Siopadóireachta ar an Aoine tar éis Lá an Altaithe. Ba sna Stáit Aontaithe a thosaigh an nós, siar sna caogaidí. Thosaíodh siopadóireacht na Nollag go hoifigiúil ar an lá sin agus dhíoltaí a lán earraí ar lascaire. Tugadh *Black Friday* ar an lá mar go mbíodh na sráideanna dubh le daoine agus iad ag siopadóireacht.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

nearly	nach mór
warning	foláireamh
bank details	sonraí bainc
issued	eisithe
to steal	a ghoid
fraudsters	lucht calaoise
professional	gairmiúil
imitation	aithris
suspicious	amhrasach
spending	caiteachas

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.
3. 'Ag géarú ar na maidí'
4. Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann - *Banking & Payments Federation Ireland*. Bainc-Aontas Éireann – *Allied Irish Banks*.

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha – a + shéimhiú)

Féach:

'Deir Gardaí gur cheart do shiopadóirí a gcuid sonraí bainc a **choimeád** slán i gcónaí'.

Is fearr im a choimeád sa chuisneoir i rith an tsamhraidh.

'Le bronntanais agus gach ní eile riachtanach don séasúr a **cheannach**.'

Caithfidh mé a lán bronntanais dheasa a cheannach.

'Caithfidh daoine a **bheith** cúramach.'

B'fhéarr duit a bheith sa bhaile roimh a haon déag.

2: Saibhreas teanga (an focal 'súil')

Féach:

Tá mo dheirfiúr ag súil: ag súil – expecting, pregnant.

Beidh Pól ag súil go mór lena chóisir: ag súil le – looking forward to

Is breá liom do gheansaí nua. Cuid súl é: cuid súl é – it catches the eye.

Aoine Mhór na Siopadóireachta

Chuir Aoife ar mo shúile dom nach raibh tú sásta: cuir ar a shúile do dhuine – make them aware of something.

Cumarsáid

1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh plé ar na bealaí ar fad a meallann siopaí custaiméirí isteach iontu le rudaí a cheannach. Caithfidh siad gach eochairfhocal / téama a phlé le chéile agus samplaí a thabhairt. Mar shampla:

Na céadfaí:

Cuirtear fonn ar dhaoine earraí a cheannach nuair a bhíonn boladh deas sa siopa nó nuair a bhíonn cuma dheas ar an áit? **Ceol cúlra:**

Cuireann ceol deas bog sa chúlra daoine ar a suaimhneas.

Praghsanna:

Má tá rud ar díol ar €4.99, is é an €4 a thugann an custaiméir faoi deara, cé go bhfuil sé nach mór €5.

Seomraí gléasta:

Bíonn siad i gcónaí ar chúl an tsiopa. Sa tslí sin caithfidh an custaiméir siúl tríd an siopa ar fad agus feicfidh siad na héadaí ar fad atá ar díol.

Sladmhargáí agus lascaíní:

Cé go sábhálann tú airgead in amanna nuair a cheannaíonn tú rud éigin ar phraghas níos ísle, tá tú ag ceannach agus ag caitheamh airgid mar sin féin.

Taispeántais:

Cuid súl é taispeántas deas. Bíonn sé deacair dul thairis.

Na cuntair amach/Na scipéid:

Bíonn earraí beaga amaideacha ar nós seaclaíde nó fáinní cluaise ar díol in aice leis na cuntair.

Bíonn cathú ar dhaoine na hearraí seo a cheannach agus iad sa scuaine.

Na comharthaí:

Úsáidtear an dath dearg le haghaidh na bhfocal ‘sladmhargadh’ agus ‘lascaine’. Freagraíonn daoine don dath dearg.

Slite isteach:

Is minic doras mór ag siopaí chun cur in iúl gur siopa mór é, fiú más siopa beag é.

Ag dul ar strae:

Deartar siopaí chun custaiméirí a chur ar strae. Is minic na leithris in áit an-aisteach ar fad.

An áit a mbíonn earraí suite:

Cuirtear na hearraí is daoire ag leibhéal na súl agus na hearraí is saoire ar sheilfeanna arda.

2: Scríobh

Abair leo alt a scríobh faoin siopa a thaitníonn leo agus an leagan amach atá ar an siopa sin.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil
Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad
na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolalochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

